## An Ghníomhaireacht Airgeadais  Tithíochta cpt

# An tAcht um Shaoráil Faisnéise

# Lámhleabhar Tagartha Alt 15

# 1. RÉAMHRÁ

**1.1 An tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997.** Bhunaigh an tAcht um SF trí cinn de chearta reachtúla nua:

- an ceart ag gach duine rochtain a fháil ar fhaisnéis arna choinneáil ag comhlachtaí poiblí;
- an ceart ag gach duine faisnéis oifigiúil i ndáil leo féin a fháil leasaithe i gcás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- ceart dlíthiúil cúiseanna a fháil a bhí le cinntí a d'imigh i bhfeidhm ar an té sin.

Dearbhaíonn an tAcht go bhfuil an ceart ag an bpobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir ag teacht le leas an phobail agus leis an gceart príobháideachta atá ag daoine aonair.

**1.2 Lámhleabhar tagartha Alt 15:** Déanann an ***Lámhleabhar Alt 15*** seo, arna thiomsú de réir Alt 15 den Acht um SF, éascú ar rochtain ar fhaisnéis oifigiúil atá á choinneáil ag an nGníomhaireacht, trí chur síos a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmeanna na Gníomhaireachta; na seirbhísí arna soláthar agus conas is féidir úsáid a bhaint as na seirbhísí sin; aicmiú na dtaifead arna gcoinneáil; agus conas iarratas a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta faoin Acht um SF 1997.

**1.3 Lámhleabhar tagartha Alt 16:** Sa mhéid go ndéantar na scéimeanna arna maoiniú ag an nGníomhaireacht a fheidhmiú tríd mheán na n-údarás áitiúil, níl taifid shonracha ag an nGníomhaireacht maidir le hiasachtaí indibhidiúla, agus mar sin ní fhoilsíonn an Ghníomhaireacht lámhleabhar faoi alt 16 den Acht um SF. Ba chóir fiosruithe maidir le hiasachtaí indibhidiúla a dhéanamh go díreach leis an údarás áitiúil cuí. Tá liosta na n-údarás le fáil ag http://www.gov.ie/en/sites/local%20authorities/

# 2. FORLÉARGAS AR AN NGNÍOMHAIREACHT

## 2.1 Cur síos agus feidhmeanna

Tá an Ghníomhaireacht ina cuideachta faoi theorainn scaireanna arna chur chun cinn ag an Aire Comhshaoil., Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi théarmaí an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 (arna leasú) agus arna ionchorprú an 8 Feabhra 1982. Seo a leanas na hAchtanna agus na saintreoracha eile a rialaíonn an Ghníomhaireacht:

- An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1981 agus na hAchtanna lenar leasaíodh 1982, 1985, 1987 agus 1988
- Na hAchtanna Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 1992,1997, 2002 agus 2009
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2002
- Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009
- An tAcht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992
- Achtanna an Bhainc Ceannais
- An Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit
- Treoracha agus ciorcláin ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Treoirlínte maidir le Soláthar Poiblí
- Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003
- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988 and an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003 agus na Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Cosaint Sonraí agus Príobháideacht) 2003 agus na Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Cosaint Sonraí agus Príobháideacht) (Leasú) 2008
- Na Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002
- Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2004
- Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005.

Is iad príomhchuspóirí na Gníomhaireachta ná: airgeadas a sholáthar d'iasachtaí a chuireann údaráis áitiúla ar fáil agus airgeadas a sholáthar don earnáil dheonach tithíochta ionas gur féidir leo úsáid a bhaint as na hiasachtaí sin chun na gcríoch arna n-údarú sna hAchtanna Tithíochta; agus chun airgead a fháil ar iasacht chun na gcríoch sin.

## 2.2. Feidhm agus Misean

Is é feidhm na Gníomhaireachta ná airgead d'iasachtaí a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus don earnáil dheonach tithíochta le go mbainfidís úsáid as chun aon chríche arna húdarú sna hAchtanna Tithíochta, agus chun airgead a fháil ar iasacht chun na gcríoch sin.

Is é misean na Gníomhaireachta ná an t-airgeadas le haghaidh na n-iasachtaí sin a fháil agus a struchtúrú ar bhealach costéifeachtach, ag teacht le riachtanais ár gcustaiméirí.

# 3. CONAS FAISNÉIS A FHÁIL FAOIN ACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE

## 3.1 Iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

**Tá an Ghníomhaireacht tiomanta de a gnó a reáchtáil ar an mbealach is oscailte, is trédhearcaí agus is féidir.**

Faoin Acht um SF, tá aon duine i dteideal cur isteach ar fhaisnéis a fhail nach bhfuil ar fáil go poiblí seachas sin. Tá sé de cheart ag gach duine:

- rochtain a fháil ar thaifid arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht;
- a iarraidh go gceartófaí faisnéis phearsanta maidir leo féin, ar faisnéis í arna coinneáil ag an nGníomhaireacht agus ar faisnéis í atá míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;
- rochtain a fháil ar na cúiseanna a ndearna an Ghníomhaireacht cinntí a d'imigh i bhfeidhm ar an té sin.

Tagann na taifid seo a leanas faoi raon an Achta:

- gach taifead i ndáil le faisnéis phearsanta arna coinneáil ag an nGníomhaireacht d'ainneoin cathain a cruthaíodh é;
- gach taifead eile arna gcruthú ó thosach feidhm an Achta um SF (21 Aibreán, 1998);
- aon taifead is gá chun tuiscint a fhail ar thaifead reatha fiú má cruthaíodh iad roimh 21 Aibreán 1998.
- Aon fhaisnéis oifigiúil sna catagóirí seo arna lorg faoin Acht.

**Conas iarratas SF a dhéanamh?**

Is gá iarratais faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh **i scríbhinn** agus a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta. Seolfar admháil go bhfuarthas an t-iarratas laistigh de 2 sheachtain, agus de ghnáth, cuirfear an cinneadh in iúl don iarratasóir ar iarratas laistigh de thréimhse 4 seachtaine ó fháil an iarratais sin.

I gcás go bhfuil gá faisnéis a fháil i bhformáid ar leith (mar shampla mar ríomhphost, fótachóip, diosca ríomhaire etc.) ba chóir seo a shonrú san iarratas. Ba chóir d'iarratas a bheith chomh sonrach agus is féidir ionas gur féidir an fhaisnéis atá á lorg a shainaithint.

Ceapadh foirm iarratais chun éascú a dhéanamh ar chruthú iarratais agus tá sin ar fáil in IARSCRÍBHINN 2

Ba chóir fiosruithe i ndáil le tuilleadh eolais agus maidir le faisnéis a fháil faoin Acht um SF a chur chuig:


Seán Cremen
An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt
46 Faiche Siabhna
Baile Átha Cliath 2

Fón: 01 872 5722
Facs: 01 872 5878
R-phost: scremen@hfa.ie


Má tá aon deacracht agat na taifid atá ag teastáil uait a aithint, beidh foireann na Gníomhaireachta sásta cuidiú leat iarratas a chur le chéile.

## 3.2 Cearta athbhreithniúcháin agus achomhairc

Leagtar amach san Acht um SF sraith de dhíolúintí chun faisnéis íogair a chosaint i gcás go ndéanfaí dochar do leasa tábhachtacha Stáit nó tríú páirtí dá nochtfaí an fhaisnéis sin. I measc na ndíolúintí tá taifid a bhaineann leo seo a leanas:

- cruinnithe Rialtais;
- forghníomhú an dlí agus slándáil;
- faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de;
- faisnéis phearsanta (seachas faisnéis a bhaineann leis an té a rinne an t-iarratas).

I gcás go ndéanann an Ghníomhaireacht na forálacha seo a ghairm chun faisnéis a choinneáil siar, féadfar an cinneadh a achomharc. Féadfar achomharc a dhéanamh freisin ar chinntí i ndáil le hiarchur rochtana, muirir, cineálacha rochtana, etc. Tá sonraí na modhanna achomhairc sonraithe sna hailt seo a leanas.

## 3.3 Athbhreithniú inmheánach

Féadfaidh iarratasóirí féachaint le hathbhreithniú inmheánach a fháil ar an gcinneadh tosaigh, a dhéanfaidh oifigeach ag leibhéal níos airde, sna cásanna seo:

(a) i gcás go bhfuil an t-iarratasóir míshásta leis an bhfreagra tosaigh, e.g. diúltú faisnéise, cineál faisnéise, muirir, etc., nó

(b) i gcás nach bhfuair an t-iarratasóir freagra laistigh de thréimhse ceithre seachtaine ón iarratas tosaigh – meastar seo a bheith ina dhiúltú don iarratas agus cuireann ar chumas an iarratasóra dul ar aghaidh leis an athbhreithniú inmheánach.

Ba chóir iarratais ar athbhreithniú inmheánach a chur i scríbhinn chuig:

Barry O'Leary
Athbhreithniú Inmheánach um Shaoráil Faisnéise
An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt
46 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

| | |
|---|---|
| Fón: | 01 872 5722 |
| Facs: | 01 872 5878 |
| R-phost: | boleary@hfa.ie |

Caithfear iarratas ar athbhreithniú inmheánach a chur isteach laistigh de thréimhse 4 seachtaine ón gcinneadh tosaigh. Ansin ní foláir don Ghníomhaireacht an t-athbhreithniú a chur i gcrích laistigh de 3 seachtaine. De ghnáth is gá athbhreithniú inmheánach a chur i gcrích sular féidir achomharc a dhéanamh leis an gCoimisinéir Faisnéise.

## 3.4 Athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise

Tar éis athbhreithniú inmheánach a chur i gcrích, i gcás go bhfuil an t-iarratasóir fós míshásta leis an gcinneadh is féidir leis/léi athbhreithniú neamhspleách a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise. Chomh maith leis sin, féadfaidh iarratasóir achomharc a dhéanamh leis an gCoimisinéir i gcás nach bhfreagraíonn an Ghníomhaireacht a (h)iarratas ar an athbhreithniú inmheánach a rinneadh ar an gcinneadh tosaigh laistigh de thréimhse trí seachtaine – sa mhéid go meastar seo a bheith ina dhiúltú.

Caithfear achomhairc a chur i scríbhinn chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise,
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

| | |
|---|---|
| Fón: | 01-6395689 |
| Lóghlao: | 1890-223030. |
| Facs: | 01-6395674 or 01-6395676 |
| R-phost: | info@oic.ie |

## 3.5 Táillí agus Muirir

**A. Táillí**

Rinne an tAire Airgeadais rialacháin ag tabhairt saintreorach maidir le táillí chun críocha alt 47(6A) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, arna leasú 2003.

Tá feidhm ag na táillí seo a leanas i ndáil le hiarratais um SF faoi alt 7 den Acht um SF (iarratais ar rochtain a fháil ar thaifid) agus iarratais faoi alt 14 (athbhreithniú inmheánach) agus 34 (athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise)**:**

**Iarratais ar thaifid**

Is féidir iarratas SF a dhéanamh saor in aisce le haghaidh taifid nó taifead ina bhfuil faisnéis neamhphearsanta.

Tá na hiarratais seo a leanas díolmhaithe:

(a) iarratas faoi alt 7 le haghaidh taifid nó taifead nach bhfuil ann ach faisnéis phearsanta i ndáil leis an iarratasóir.

(b) iarratas faoi alt 17 (an ceart go leasófaí taifid i ndáil le faisnéis phearsanta).

(c) iarratas faoi alt 18 (an ceart ag duine faisnéis a fháil i ndáil le gníomhartha a rinne comhlachtaí poiblí ar gníomhartha iad a d'imigh i bhfeidhm ar an té sin).

**Athbhreithniú Inmheánach**

- Is gá táillí chaighdeánach de **€30** a bheith ag gabháil le hiarratas ar athbhreithniú inmheánach faoi alt 14.

- Tá feidhm ag táille laghdaithe de **€10** i gcás go bhfuil cárta leighis ag an té atá ag déanamh an iarratais nó i gcás go bhfuil an té sin cleithiúnach ar dhuine a bhfuil cárta leighis aige/aici.

- Tá na hiarratais um athbhreithniú inmheánach seo a leanas díolmhaithe:

(a) iarratas i ndáil le cinneadh a bhaineann le taifid nach bhfuil iontu ach faisnéis phearsanta maidir leis an iarratasóir.

(b) iarratas i ndáil le cinneadh faoi alt 17 (an ceart go leasófaí taifid i ndáil le faisnéis phearsanta).

(c) iarratas i ndáil le cinneadh faoi alt 18 (an ceart ag duine faisnéis a fháil i ndáil le gníomhartha a rinne comhlachtaí poiblí ar gníomhartha iad a d'imigh i bhfeidhm ar an té sin).

(d) iarratas i ndáil le cinneadh go n-athrófaí táillí nó éarlais, nó táille nó éarlais de mhéid áirithe.

**Athbhreithniú an Choimisinéara Faisnéise**

- Is gá go mbeadh táille chaighdeánach de **€50** ag gabháil le hiarratais chuig an gCoimisinéir Faisnéise chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí a rinne comhlachtaí poiblí faoi alt 34.

- Tá feidhm ag táille laghdaithe de **€15**

  (a) i gcás go bhfuil cárta leighis ag an té atá ag déanamh an iarratais nó i gcás go bhfuil siad cleithiúnach ar dhuine le cárta leighis nó

  (b) i gcás go bhfuil an duine sonraithe in alt 29(2) i.e. tríú páirt a bhfuil an ceart acu iarratas díreach a dhéanamh leis an gCoimisinéir i gcás go gcinneann comhlacht poiblí faisnéis a scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail.

- Tá na hiarratais seo a leanas chuig an gCoimisinéir Faisnéis díolmhaithe:

  (a) iarratas maidir le taifid arna gcoinneáil nach bhfuil ach faisnéis phearsanta amháin iontu i ndáil leis an iarratasóir.

  (b) iarratas i ndáil le cinneadh faoi 17 (an ceart go leasófaí taifid i ndáil le faisnéis phearsanta)

  (c) iarratas i ndáil le cinneadh faoi alt 18 (an ceart ag duine faisnéis a fháil i ndáil le gníomhartha a rinne comhlachtaí poiblí ar gníomhartha iad a d'imigh i bhfeidhm ar an té sin).

  (d) iarratas i ndáil le cinneadh táille nó éarlais a ghearradh ar táille nó éarlais é a sháraíonn €25.00 faoi alt 47 i ndáil le cuardach nó aisghabháil agus fótachóipeáil taifead (níl cinntí i ndáil le gearradh táillí nó éarlaisí do chuardach agus aisghabháil agus/nó fótachóipeáil de níos lú ná €25 faoi réir athbhreithnithe ag an gCoimisinéir Faisnéise).

  (e) iarratais i ndáil le cinneadh táille a ghearradh faoi alt 47(6A), nó táille de mhéid áirithe faoi alt 47(6A), ar an bhforas nach bhfuil aon fhaisnéis phearsanta sna taifid i gceist nó i gcás nach sealbhóir cárta leighis an t-iarratasóir nó cleithiúnach ar shealbhóir cárta leighis.

**B. Muirir Eile**

Féadfar muirir a chur i bhfeidhm don am caite ag aimsiú taifead agus d'aon chostais fótachóipeála arna dtabhú ag an nGníomhaireacht i soláthar ábhair don iarratasóir. Ní ghearrfar aon táille ar iarratasóirí don am caite ag cinneadh cibé acu an t-iarratas a cheadú nó gan é cheadú. Ní dócha go dtabhófar aon chostais i gcás faisnéis phearsanta ach amháin i gcás go bhfuil an líon taifead atá á lorg an-ard.

Féadfar táillí a tharscaoileadh sna cúinsí seo a leanas:

- i gcás go sáródh costas an bhailiúcháin an táille;
- i gcás go bhfuil an fhaisnéis atá á lorg thar a bheith cuiditheach chun tuiscint a fháil ar shaincheist a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi, nó,
- i gcás Faisnéis Phearsanta nach mbeadh na muirir sin réasúnta le haird ar acmhainní an iarratasóra.

### 3.6 An gcaithfidh mé iarratas SF a dhéanamh chun aon fhaisnéis a fháil ón nGníomhaireacht?

Ní gá. Ní gá iarratas um SF a dhéanamh chun aon fhaisnéis a fháil ón nGníomhaireacht. An chúis le SF ná foinse bhreise faisnéise a sholáthar trí éascú a dhéanamh ar rochtain ar thaifid nach féidir teacht orthu de ghnáth. Tá ábhar ar fáil cheana féin trí mheán foilseachán, ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta ag www.hfa.ie; agus mar fhreagra ar fhiosruithe.

Cé go bhfuil caidreamh ag an nGníomhaireacht le raon comhlachtaí lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil. Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Airgeadais agus roinnt institiúidí airgeadais etc., is iad na húdaráis áitiúla agus na comhlachtaí deonacha tithíochta cliaint na Gníomhaireachta.

## 3.7 Polasaí maidir le rúndacht agus Saoráil Faisnéise

Féachann an Ghníomhaireacht le haon fhaisnéis a chuireann daoine aonair nó daoine eile ar fáil di a choinneáil ar bhonn rúnda, faoi réir dhualgais na Gníomhaireachta de réir dlí, lena n-áirítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise. I gcás, ar aon chúis, go dteastóidh ón nGníomhaireacht faisnéis a nochtadh ar faisnéis í atá íogair, tá sé de dhualgas ar an duine nó ar an gcomhlacht sin atá ag soláthar na faisnéise a shoiléiriú go bhfuil an fhaisnéis íogair agus na cúiseanna a shonrú atá le híogaireacht na faisnéise. Rachaidh an Ghníomhaireacht i gcomhairle leis an duine nó leis an gcomhlacht atá ag soláthar na faisnéise íogaire sin sula nglacfaidh sé cinneadh faoi aon iarratas um shaoráil faisnéise.

## 4. AN GHNÍOMHAIREACHT AIRGEADAIS TITHÍOCHTA cpt

Sna rannóga seo a leanas leagtar amach struchtúr inmheánach eagraíocht na Gníomhaireachta. Cuirtear síos iontu freisin ar na seirbhísí arna soláthar ag gach rannán, an fhaisnéis atá ar fáil agus sonraí aicmí na dtaifead arna gcoinneáil.

### 4.1 Ról na Gníomhaireachta i gcomhthéacs an pholasaí tithíochta

**Polasaí an Rialtais**: Cuirtear i bhfeidhm ról na Gníomhaireachta maidir le tithíocht shóisialta i gcomhthéacs pholasaí tithíochta an Rialtais, agus an polasaí sin ná cuidiú le gach teaghlach fáil a bheith acu ar áitreabh inacmhainne ar chaighdeán maith, atá in oiriúint do riachtanais an teaghlaigh sin, i dtimpeallacht mhaith, agus a mhéid is féidir é sa tionacht is rogha leo. I gcás na ndaoine a bhfuil sé inacmhainne dóibh ba chóir dóibh tithíocht a sholáthar dóibh féin agus i gcás nach bhfuil siad in ann sin a dhéanamh as a n-acmhainní féin go mbeadh rochtain acu ar thithíocht shóisialta nó rochtain ar thacaíocht ioncaim chun tithíocht phríobháideach a aimsiú agus a choinneáil.

**Ról an údaráis áitiúil**: Bíonn ról lárnach ag údaráis áitiúla i gcur i bhfeidhm an pholasaí tithíochta sóisialta trí sholáthar cóiríochta dóibhsean is mó i ngátar agus trí shraith beart a bheith i bhfeidhm lena n-áirítear iasachtaí chun tithe a cheannach, úinéireacht roinnte, scéim fóirdheontais cíosa, scéim cúnaimh chaipitil etc. I gcás go bhfuil gá leis cuireann an Ghníomhaireacht airgeadas ar fáil le haghaidh iasachtaí. ***Is iad na húdaráis áitiúla, agus ní an Ghníomhaireacht, na hiasachtóirí, agus níl taifid shonracha á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht i ndáil le hiasachtaí indibhidiúla.***

**Ról na hearnála deonaí tithíochta:** Amharctar ar an earnáil dheonach tithíochta mar ghné thábhachtach de na tionscnaimh um polasaí tithíochta. Chun tacú leis seo, chuir an Ghníomhaireacht tús le próiseas chun áis a chur ar bun, faoi choinníollacha iomchuí i ndáil le riosca, ionas go mbeadh na comhlachtaí deonacha tithíochta in ann cistí a fháil ar iasacht ón nGníomhaireacht.

**An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt**: Bunaíodh an Ghníomhaireacht sa bhliain 1982 chun innéacs a eisiúint agus a chur chuig údaráis áitiúla chun cistiú a dhéanamh ar scéimeanna iasachta ioncam-bhainteacha. Cuireadh leis an ról sin sa bhliain 1986 tráth ar tugadh an sainchúram don Ghníomhaireacht cistiú a dhéanamh ar gach scéim iasachtaí do thithe agus deontais feabhsúcháin na n-údarás áitiúil. Cuireadh arís lena cumhachtaí sa bhliain 1992 tráth ar tugadh cead don Ghníomhaireacht maoiniú a sholáthar d'údaráis áitiúla d'aon chuid dá bhfeidhmeanna tithíochta agus dá bhfeidhmeanna bainteacha. I láthair na huaire, an aidhm atá ag an nGníomhaireacht ná éascú a dhéanamh ar an bpolasaí náisiúnta tithíochta trí iasachtaí a thabhairt d'údaráis áitiúla agus don earnáil dheonach tithíochta chun críocha tithíochta agus críocha bainteacha ag na rátaí úis is fearr.

### 4.2 Achoimre ar fheidhmeanna

Seo a leanas feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- Raon cuimsitheach airgeadais d'iasachtaí a sholáthar d'údaráis áitiúla chun freastal a riachtanais indibhidiúla ar éileamh.
- Rátaí úis a shocrú ar iasachtaí d'údaráis áitiúla ag na rátaí úis is fearr chun cuidiú leis an nGníomhaireacht cóimheá airgid a bhaint amach.

- Áis infheistíochta a sholáthar d'údaráis áitiúla dá mbarrachas airgid, ag soláthar rátaí iomaíocha úis.
- Faisnéis agus comhairle a sholáthar d'údaráis áitiúla maidir le hairgeadas d'iasachtaí.
- Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar fhiachas.
- Iasachtaí a chur ar fáil go díreach do Chomhlachtaí Formheasta Tithíochta (Comhlachtaí Deonacha Tithíochta agus Cumainn Chomharthithíochta).

## 4.3 Rannáin Fheidhmiúla na Gníomhaireachta

Sa Ghníomhaireacht tá Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh agus dhá rannán fheidhmiúla– Cistíocht, agus Cuntais/Iasachtú   Seo thíos cur síos achomair ar gach rannán.

### *4.3.1 Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh*

Seo a leanas feidhmeanna Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh:

Seo a leanas roinnt de na cumhachtaí arna dtarmligean ag an mBord don Phríomhfheidhmeannach *…*
Polasaí gnó na Gníomhaireachta agus an Plean Corparáideach
Caidrimh idir an Bord agus an lucht bainistíochta/an fhoireann
Caidrimh idir an Ghníomhaireacht agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Caidrimh leis na húdaráis áitiúla
Caidrimh leis na meáin
Forléargas a choinneáil ar an bhfoireann agus ar chúrsaí maidir le pearsanra
Forléargas ar an iniúchadh inmheánach
Bainistiú Oifige

### *4.3.2. Cistíocht*

Seo a leanas feidhmeanna an rannáin seo den Ghníomhaireacht:

***(a) Cistíocht/Maoiniú:***

- Iasachtaí a fháil
- Leachtacht agus bainistiú sreafa airgid
- Caidrimh le hinstitiúidí airgeadais
- Bainistiú fiachais
- Bainistiú riosca Cistíochta

Dearbhaítear san Acht um Ghníomhaireacht do Thithe (Leasú) 1988 (alt 4) go gcinnteoidh an Ghníomhaireacht, agus é ag comhlíonadh a fheidhmeanna, le haird ar aon chion a d'fhéadfadh an tAire a dhéanamh, go seastar gach ceann dá chostais as a oibríochtaí. Ghlac an Ghníomhaireacht le polasaí maidir le socrú a rátaí úis chun cuidiú leis cóimheá airgid a bhaint amach de réir na forála san Acht.  Ciallaíonn struchtúr na Gníomhaireachta mar cpt agus a shainchúram reachtúil chun feidhmiú ar bhonn cóimheá airgid a bhaint amach ar a laghad go ndéantar i gcónaí tionscnaimh polasaí tithíochta a mheas trí thagairt do chritéir thráchtála, chomh maith le critéir shóisialta.

Is é polasaí na Gníomhaireachta iasachtaí a fháil ag na rátaí úis is fearr, agus na rátaí maithe sin a chur ar aghaidh chuig na húdaráis áitiúla agus na comhlachtaí deonacha

tithíochta le corrlach beag chun costais riaracháin agus rioscaí na Gníomhaireachta a chlúdach, agus ar an gcaoi seo téarmaí alt 4 den Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe 1988 (Leasú) a chomhlíonadh. Is é polasaí na Gníomhaireachta ná corrlach imleor a sholáthar d'údaráis áitiúla chun a n-oibríochtaí mar iasachtóirí a chomhlíonadh, agus ag an am céanna a chinntiú go gcuireann a chorrlaigh féin dóthain cúlchistí ar fáil chun riosca a chlúdach.

Cistíonn an Ghníomhaireacht a oibríochtaí trí theaglaim d'airgeadas foinsithe go hidirnáisiúnta, trí rótharraingtí bainc agus trí bhrabúis choinnithe.

***(b) Feidhmeanna eile***

- Sláinte agus sábháilteacht
- Cúrsaí AE
- Cothabháil agus forbairt an tsuímh gréasáin
- Cúrsaí a bhaineann le saoráil faisnéise
- Nithe áirithe i ndáil le hiasachtú díreach le Comhlachtaí Formheasta Tithíochta (dlí, measúnú airgeadais).

### *4.3.3. Cuntais/Iasachtú*

Seo a leanas feidhmeanna an rannáin seo den Ghníomhaireacht:

***(a) Cuntais:***

- Ullmhú na gcuntas – bainistiú agus bliantúil
- Cúrsaí rúnaíochta na cuideachta (Cruinnithe boird, etc.)
- Iniúchadh inmheánach [tuarascálacha an iniúchóra inmheánaigh go díreach don Phríomhfheidhmeannach]
- Riarachán pearsanta, oiliúint agus earcaíocht

***(b) Iasachtú:***

Riar ar iasachtú na Gníomhaireachta le húdaráis áitiúla agus le Comhlachtaí Formheasta Tithíochta. Seo a leanas achoimre ar scéimeanna údaráis áitiúil arna maoiniú tríd an nGníomhaireacht:

- Iasachtaí chun tithe a cheannach: Áiríonn seo iasachtaí blianachta, an scéim iasachtaí inacmhainne agus an scéim úinéireachta roinnte.
- Cóiríocht dheonach ar cíos. An Scéim um Iasachtaí Caipitil agus Fóirdheontais (CLSS). An Tionscnamh Iasachta Tithíochta Sóisialta.
- Iasachtaí Feabhsúcháin Tithíochta: Áiríonn seo iasachtaí feabhsúcháin tithíochta, deontais do dhaoine faoi mhíchumas agus deontais éagsúla tithíochta eile.
- Nithe ilchineálacha: Áiríonn seo éadáil talún agus roinnt tionscadal éagsúil tithíochta.

Ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta (www.hfa.ie) tá córas iarratais agus billeála ar líne LABS. Seo córas gan pháipéar trínar féidir le páirtithe éagsúla gach staid de phróiseáil iasachta a rianú ar líne agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn.

## 4.4 Faisnéis atá ar fáil

Tá liosta de na foilseacháin go léir atá ábhartha don Ghníomhaireacht ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta ag www.hfa.ie. Féadtar faisnéis faoi aon cheann de sheirbhísí na Gníomhaireachta a fháil ó:

Rúnaí na Cuideachta
An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt
46 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Fón: 01 872 5722
Facs: 01 872 5878
R-phost: cosec@hfa.ie

## 4.5 Aicmiú na dtaifead arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht

Seo a leanas aicmí na dtaifead arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht:

**(a) Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh**

***Comhaid le Faisnéis Phearsanta***

Comhaid do gach ball foirne agus gach iarbhall foirne
Comhaid a bhaineann le cúrsaí pearsanta i.e. cod pearsanra, polasaí faoi phá, cúrsaí faoi phá lena n-áirítear an Bord
Luach Saothair Choiste an Bhoird
Eitic i dTuairisceáin Oifige
Sonraí i ndáil le Baill na Bhoird
Árachas Cosanta Morgáiste – cásanna

***Comhaid rannáin***

Páipéir bhoird i ndáil le 1984 – go dtí seo
Comhaid maidir le cruinnithe le páirtithe éagsúla údaráis áitiúil e.g. Cinn Airgeadais, Cléirigh Bhaile
Meabhráin don Rialtas faoi rún ón Roinn
Comhaid maidir le polasaithe éagsúla tithíochta an Rialtais
Reachtaíocht faighte
GAT /Coiste Idirchaidrimh Bainisteora Contae
Coiste Airgeadais Boird
Coiste Iniúchóíreachta Boird
Fochoistí/Coistí Idirchaidrimh Éagsúla
Comhaid maidir le maoiniú na ngnéithe éagsúla den chlár tithíochta e.g. tithíocht inacmhainne, iasachtaí ioncam-bhainteacha, comhaid chomhaontuithe iasachtaí
Árachas Cosanta Morgáiste – polasaí agus comhaid athnuachana
Comhaid ghinearálta údaráis áitiúil
Comhdhálacha, seimineáir
Tuarascálacha maidir le hiniúchadh inmheánach,
SMI agus Plean Corparáideach

Athmahoiniú agus LLF
Tuarascálacha Bliantúla

***Comhaid Riaracháin***

Buiséad Riaracháin
Comhlíonadh an Lámhleabhair um Polasaí agus Gnáthaimh
Cruinnithe Bainistíochta

**(b) Cistíocht**

***Comhaid le Faisnéis Phearsanta***

Earcaíocht ar fhoireann cistíochta

***Comhaid Rannáin***

Saincheisteanna maidir le fiachas, bannaí – idirbheartaíocht, socruithe, seirbhísiú fiachais
Géilliúlacht – tuairisceáin don Roinn Airgeadais agus don Bhanc Ceannais
Staitisticí maidir le costais iasachtaithe
Réamhíoc iasachtaí le húdaráis áitiúla agus rátaí úis a ghearrtar
Páipéir Bhoird agus Choistí an Bhoird
Cúrsaí AE
Innéacsnasctha agus boilsciú
Urrúsú
Ciste an Rialtais Áitiúil
Bainistiú Riosca
Dearbhuithe beart agus iasachtaithe agus bileoga le hidirbhearta laethúla
Bainistiú airgid thirim na Cistíochta (comhaid ríomhaire amháin)
FRS 13
Comhlachtaí Iasachtaithe agus Deonacha

***Comhaid Riaracháin***

Cúrsaí a bhaineann le TF
Cóiríocht oifige
Cúrsaí a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht
Gnáthaimh Chistíochta
Riarachán agus forbairt an tsuímh gréasáin
Comhfhreagras ilghnéitheach le hinstitiúidí airgeadais

**(c) Cuntais/iasachtú**

***Comhaid le Faisnéis Phearsanta***

Pá, anailís ar phá míosúil
Bileoga Ama do bhaill foirne
Comhaid faoi shíntiúis le Ceardchumainn
Sonraí cánach PSW
Comhaid phearsanta faoin bhfoireann
Cúrsaí a bhaineann le pearsanra i.e. cód maidir le pearsanra, polasaí maidir le pá, polasaí maidir le fostaíocht, cúrsaí pábhaineacha lena n-áirítear Coiste Luacha Saothair an Bhoird etc.

Aoisliúntas
Earcaíocht
Oiliúint

***Comhaid Rannáin***

<u>Iniúchadh inmheánach</u>

Cuntais mhíosúla bhainistíochta agus na cúltacaí bainteacha
Mórleabhar ainmniúil agus anailís ar athraitheas
Iniúchadh inmheánach
Comhaid maidir le polasaí agus gnáthaimh
Comhaid Excel easpórtáilte ó chóras billeála LABS
FRS 13
Sonraí cúltaca iasachta roimh 1986

<u>Cuntais</u>

Mionairgead
Dearbhuithe sínithe & neamhshíithe
Leabhar taifid an airgid bhainc
Réitigh seiceanna bainc
Cúrsaí árachais
Iarratais ar dheontais charthanachta
Idirbhearta cistíochta lena n-áirítear bileoga laethúla
Scarbhileoga aistrithe cistíochta.
Ráitis bhainc
Imréitigh mhíosúla bhainc
Ús fabhraithe/íoctha gach mí
Cuntais mhíosúla airgeadais
Cuntais airgeadais dheireadh na bliana
Cuntais theilgthe
Achtanna GAT, Airgeadais & Cuideachtaí
Comhaid um fhorbairt an chórais billeála
Comhfhreagras faoi Imréiteach Cánach

<u>Rúnaíocht na cuideachta</u>

Cruinnithe agus Miontuairiscí an Bhoird agus Choistí an Bhoird
Saincheisteanna maidir le Polasaí agus Gnáthaimh
Saincheisteanna maidir le géilliúlacht agus rialáil
Meabhráin chumarsáide inmheánacha etc
Comhaid faoi chumarsáid sheachtrach (Ranna agus iniúchóirí etc)
Comhfhreagras ginearálta

<u>Iasachtú</u>

Ráitis agus liostáil billeála
Sceidil maidir le gluaiseacht billeála
Réamhíocaíochtaí iasachtaí le húdaráis áitiúla indibhidiúla
LABS (comhaid an chórais iarratais ar líne d'iasachtaí)

***Comhaid Riaracháin***

Comhaid LABS [An Córas Iarratais agus Billeála ar Líne]
Rátaí taistil agus cothabhála d'údaráis áitiúla agus do Stiúrthóirí
Iarratais ar chuireadh chun tairisceana agus torthaí
Ciorcláin chuig údaráis áitiúla
Plean Gnímh maidir le Seirbhís do Chustaiméirí
Comhfhreagras Ginearálta
Oifig – maisiú, cothabháil/glanadh, troscán, bogadh troscáin

## An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta cpt

## Iarratas chuig an nGníomhaireacht ar rochtain ar thaifid faoin Acht um SF

**Ainm:**

**Seoladh r-phoist:**

**Seoladh poist:**

**Fón:**

**Baile:** **Gnó:**

**Mo rogha cineáil rochtana ná (e.g. tríd an bpost):**

**De réir alt 7 den Acht um SF, iarraim rochtain ar thaifid atá :**

**Pearsanta** ☐ **Neamhphearsanta** ☐

***Sa spás thíos déan cur síos ar na taifid ina n-iomláine.***

***I gcás go bhfuil faisnéis phearsanta á lorg agat, déan cur síos go beacht ar cén t-ainm ina bhfuil na taifid sin á gcoinneáil. De ghnáth ní thabharfar rochtain duit ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann le duine eile mura bhfuair tú cead i scríbhinn ón té sin roimh ré.***

**Seol chuig: Seán Cremen, An Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta, 46 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.**